

❁ An Lúibín ❁

31 Lúnasa 2010

Scríobh.ie

One of the most useful sites for anyone writing in Irish.

Suíomh nua againn, agus is beag ceann is fóna ná é! Aon rud a chuideodh leat Gaeilge a scríobh go cruinn tá sé le fáil anseo.

Áiseanna de gach sórt atá ann agus iad rangaithe mar a leanas: *Gaeilge*, *Clóscríobh*, *Ceartú*, *Aistriú* agus *Clófhoirne*. Faoi *Ceartú* gheobhaidh tú liosta litreoirí agus gramadóirí, agus comhairle faoi bhriathra, faoi aidiachtaí agus faoin séimhiú. Ó *Aistriú* gheobhaidh tú *Focal.ie*, *Logainm.ie*, *Acmhainn.ie*, *Wingléacht* (leagan leictreonach d'Fhoclóir Mór Uí Dhónaill), Ó Duinnín agus foclóirí eile, Google Translate, foclóir leictreonach do ghuthán póca, treoir son té a bhfuil aistriitheoirí cáilithe uaidh, agus líne chabhrach. Tugann *Gaeilge* Graiméar na mBráithre Chríostaí duit agus Open Office.

Dúrud Teoranta an dream a chuir an suíomh ar bun – comhlacht atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus an-obair déanta cheana acu do Fujifilm Ireland. Dúrud a chuir ar fáil leagan Gaeilge den chóras feidhmiúcháin a gheofá i mbothanna grianghraf Fujifilm.

Foras na Gaeilge a sholáthair an maoiniú don tionscadal seo.

Féach <http://scríobh.ie/Default.aspx?l=1>.



Jules Bitter

Irish music has many devotees in Western Europe. One of them is Jules Bitter, a Belgian.

Rugadh Jules Bitter sa bhliain 1954 in Goes sa Bheilg. Tháinig sé ar cheol na hÉireann sna 1970í agus thosaigh ag foghlaim conas seinm ar an bhfeadóig. Tá sé sáite sa cheol úd riamh ó shin, ar nós a lán ceoltóirí eile in Iarthar Eorpa.

Thug sé a chéad chuairt ar Éirinn sa bhliain 1984 agus landáil i Sráid na Cathrach i gContae an Chláir, áit a raibh Féile Willy Clancy ar siúl (agus mar ar chuala sé Séamas Ennis ag píobaireacht tamall gearr roimh a bhás siúd). Dhaingnigh seo an dúil a bhí aige sa cheol agus cheannaigh sé fliúit ann.

Thosaigh sé ag seinm in Antwerp le scata ceoltóirí eile a bhí chomh tugtha do cheol na hÉireann leis féin, agus ba ghearr go raibh sé ag taifeadadh. Tá roinnt dlúthdhioscaí déanta aige, agus d'fhoilsigh sé treoir do sheinm na feadóige in Ollainnis le fístéipeanna agus MP3nna – treoir atá ar fáil i mBéarla anois mar *Whistle Basics*. Rud eile a chum sé is ea *The Irish Beat Conductor* (2007, 2009), dlúthdhiosca a sholáthraíonn cnagthraiceanna ar luais dhifriúla mar chúnaimh do cheoltóirí.

Tá píosaí faisnéise déanta aige don raidió freisin, ceann faoi adharca ársa cré-umha na hÉireann agus ceann eile (*Zwanezang op de Westerschelde*) faoi bháid farantóireachta den seansaghas.

Tá sé féin agus ceoltóirí eile le cloisteáil ag www.whistle-flute.com; is ann a gheobhaidh tú liosta de na dlúthdhioscaí a chuir sé amach (faoi *Shop*) agus samplaí den cheol. Tá an *Nehalennia Suite* le moladh (bandia de chuid phobal an réigiúin ba ea Nehalennia). Tá naisc le suímh cheoil eile ann agus 'monthly tune' in éineacht le nodaireacht.

Bíonn ceardlanna feadóige ar siúl ag Bitter agus tarraingt foghlaimeoirí orthu.

Tá a scéal le léamh ag http://www.europeanirish.com/story_details.php?story_id+123.



An scríbhneoir Gaeilge

Writing in Irish, whatever its merits, is more often than not an invisible literature. All the more interesting, then, is a view from within: a long interview in Beo with publisher and playwright Micheál Ó Conghaile.

Is gearr ó chuir Breandán Delap, iriseoir, agallamh ar Mhicheál Ó Conghaile, scríbhneoir agus foilsitheoir Gaeilge, don iris *Beo* (www.beo.ie).¹ Tá baint ag Ó Conghaile le Cló Iar-Chonnachta (CIC), comhlacht a chuir sé ar bun chun freastal ar scríbhneoirí i gConamara.

Maidir le staid litríocht na Gaeilge, is dóigh leis go bhfuil cuid de na filí is fearr in Éirinn ag scríobh i nGaeilge, cé nach bhfuil an próis chomh rathúil céanna. Admhaíonn sé gur beag duine faoi bhun 30 bliain d’aois atá ag scríobh i nGaeilge, agus is é a thuairim gur ag obair do TG4 atá a lán daoine a bhfuil bua úd na cumadóireachta acu.

Níl easpa leabhar ar lucht léite na Gaeilge, mar sin féin, agus idir 2,500 agus 3,000 leabhar Gaeilge i gcló. Níl doicheall ar mo dhuine roimh úrscéalta éadroma, ach is dóigh leis gur beag úrscéal mór a tháinig amach le tamall de bhlianta agus is é an scéal céanna ag na gearrscéalta é. Is é a thuairim (tuairim chonspóideach, b’fhéidir) go bhfuil barraíocht leabhar nach bhfuil rómhaith á gcur i gcló i nGaeilge. Dá mhéad an réimse atá ann is ea is fearr é, ach tá tábhacht le hardchaighdeán. Tá CIC dian go maith: faigheann siad timpeall 30 scríbhinn in aghaidh na bliana agus ní fhoilsítear ach a leath.

Níl an oiread sin leabhar ann do dhéagóirí, dar leis, agus athraíonn nósanna chomh scríobtha sin ina measc gur deacair coinneáil suas leo. Fadhb eile is ea scéal maith a bheith ann agus é ag dul thar chumas déagóra é a léamh.

Mar scríbhneoir Gaeilge, deir sé go mbíonn a fhios agat nach bhfaighfidh tú mórán brabaigh as. Is mó a chuirfeadh easpa léitheoirí as do mo dhuine dó ná easpa airgid. Admhaíonn sé, áfach, gur beag aird a thugtar ar scríbhneoirí Ghaeilge, seachas ar scata filí.

Deir Ó Conghaile go bhfuil géarghá le heagarthóirí liteartha, eagarthóirí a thuigeann an t-ábhar chomh maith leis an teanga. Bua ar leith é a bheith in ann scríbhinn a mheas agus comhairle a chur ar an údar dá réir.

Tá na léitheoirí ann ach is iomaí Gaeilgeoir nach léann leabhair Ghaeilge. Bíonn CIC sásta má dhíoltar 500 cóip sa chéad bhliain, cé nach mbeadh díol chomh mór sin ar leabhair acadúla. Dhíolfadh Joe Steve Ó Neachtain, údar a bhfuil an-aithne air, suas le míle cóip sa chéad bhliain, ach rud neamhchoitianta é sin. Ní sa Ghaeltacht is mó a dhíoltar leabhair Ghaeilge, cé go mbíonn ráchairt ar an rud áitiúil.

Dearcadh fíor-Éireannach atá ag Ó Conghaile agus baint aige le taobh tíre áirithe – agus ní á mhaíomh air é. Tá an Ghaeilge beo i dtíortha eile freisin, ar ndóigh, agus léitheoirí ann a bhfuil leithéidí CIC ag soláthar dóibh. Sa síneadh fada d’fhéadfá súil a bheith agat le foilsitheoireacht Ghaeilge (foilsitheoireacht leictreonach, b’fhéidir) thar lear, agus tús déanta cheana i gcás *An Gael*, iris Mheiriceánach.



¹ Eagrán 112, Lúnasa 2010.

Drámadóir is ea Ó Conghaile, agus ní heisean amháin a deir go bhfuil drámaíocht na Gaeilge in ísle brí faoi láthair. Is beag éifeacht atá leis an Taibhdhearc, príomhamharclann na Gaeilge, agus níor léirigh Amharclann na Mainistreach aon dráma Gaeilge leis na blianta fada. Ní thuigeann Ó Conghaile cén fáth nach mbíonn ceangal níos dlúithe idir na dreamanna atá ag cur drámaí Gaeilge ar fáil - An Taibhdhearc, Amharclann na Mainistreach agus Aisling Ghéar i mBéal Feirste. Ach tá cúrsaí go dona agus ní léir cén leigheas atá ar an scéal.

Ina dhiaidh sin is uile, is gearr go mbeidh 'Ríthe Bóthar Kilburn' le feiceáil ag an Taibhdhearc, athchóiriú a rinne Ó Conghaile ar 'The Kings of the Kilburn Road,' dráma de chuid Jimmy Murphy. Scéal é a baineadh as saol an phobail Éireannaigh i Londain. Táthar ar lorg fir a bhfuil scoth na Gaeilge acu agus an-chumas aisteoireachta acu - dhá rud nach mbíonn ag siúl le chéile go minic. Féach www.antaibhdhearc.com.



An mhaith atá nó an mhaith a bhí

Language activists from the Gaeltacht have addressed an open letter to the Taoiseach, asking that the recommendations of an Oireachtas Joint Committee be adopted to arrest the decline of the language. But it may already be too late.

Géarchéim

Is gearr ó chuir timpeall tríocha gníomhaí Gaeilge ón nGaeltacht litir oscailte chun an Taoisigh agus an Tánaiste a thosaíonn mar seo:

Tá muid ag scríobh chugaibh mar phobal Gaeltachta aontaithe mar go bhfuil imní mhór orainn faoi Thuarascáil na Roinne Airgeadais ar Chaiteachas Caipitiúil 2010-2016. Má ghlactar lena bhfuil molta, beidh deireadh go praiticiúil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta faoi 2016 agus muid ag comóradh 100 Bliain Éirí Amach 1916.

Déantar tagairt don Staideár Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus do 'ghéarchéim teanga' na Gaeltachta. Deir an Staidéar sin nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór blianta fágtha ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht má fhágtar an scéal mar atá.

Deir na gníomhaithe go gcaithfear dul i ngleic leis an fhadhb seo láithreach trí ghlacadh leis na moltaí a rinne Tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Admhaíonn siad go bhfuil an geilleagar díblí agus nach mór ciorruithe a dhéanamh i gcaiteachas an Stáit. Deir siad, áfach, nach bhfanfaidh slánú na Gaeilge sa Ghaeltacht le feabhsu an gheilleagair dhomhanda.

Moltaí

Is é a mhol an Comhchoiste úd (Comhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Turasóireachta, Cultúir, Spóirt, Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) cuid den sean-réiteach agus roinnt rudaí nach bhfuil chomh seanchaite sin.

Deir siad go bhfuil gá fós le hÚdarás na Gaeltachta chun geilleagar agus bonneagar na Gaeltachta a fheabhsú. Moltar go bhfágfaí an méid a leanas faoin Údarás: an chuid is tábhachtaí de chúrsaí pleanála agus tithíochta; deontais tithíochta a athbhreithniú; eolas a fháil ar an obair is éifeachtaí a dhéanann na comharchumainn; cláir thaithe oibre a bheartú do mhic léinn agus do chéimithe le Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht.

Deir an Comhchoiste nach féidir leis an nGaeilge maireachtáil mura bhfuil pobal ann a úsáideann í mar a bhfuil sí á húsáid mar bhunteanga na ndaoine agus mar theanga dhúchais an linbh. Ní mar sin a bheidh an scéal mura bhfuil obair le fáil sna cheantair áitiúla, agus ní mór don Roinn Oideachais agus Scileanna, do na heagraíochtaí deonacha agus do mhuintir na Gaeltachta dul i gcomhar le chéile.

Moltar freisin go ndéanfaí foras reachtúil de An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus cumhachtaí aici chun beartais oideachasúla a bheartú do phobail Ghaeilge de réir mar is mian le lucht na Gaeilge.

Tá moltaí tábhachtacha eile ann mar a leanas:

- * Deimhniú nach gcuirfear beartas dátheangachais i bhfeidhm sa Ghaeltacht
- * Aitheantas a thabhairt do ‘mhion-Ghaeltachtaí’ ar fud na tíre
- * Lárionad Gaeilge a bhunú i mBaile Átha Cliath chun caifiteire, áiseanna ealaíne agus eile a sholáthar do dhaoine óga
- * Airgead stáit a thabhairt do na scéimeanna Gaeilge is dóichí a dtiocfaidh rath orthu
- * Scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil agus scoileanna nua á soláthar
- * Siollabas nua Gaeilge ón naíscoil go dtí an Ardeist a leagan amach agus é ag freastal ar chainteoirí dúchais, ar dhaltá i scoileanna lán-Ghaeilge agus ar dhaltá líofa eile faoi seach
- * Beartas náisiúnta a dhéanamh chun tumoideachas Gaeilge a chur chun cinn
- * Ábhar nua scoile a sholáthar ar teideal dó ‘Saíocht agus Litríocht na hÉireann’
- * Gréasán soisialta Gaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht don aos óg

Tá rudaí maithe ann – an siollabas nua, feidhm a bhaint as an tumoideachas, airgead stáit a dháileadh níos stuama. Ach ní dócha go mbeidh an tÚdarás níos éifeachtaí feasta ná mar a bhí sé cheana agus ba dhóigh leat go bhfuil sé beagán ródhéanach anois dul i muinín gréasán sóisialta chun daoine óga na Gaeltachta a mhealladh ar ais chun na teanga. Maidir leis an dátheangachas, tá sin fite fuaite fiú sna Gaeltachtaí is láidre. An rud nach ndéantar i dtráth déantar in antráth é.

Féach:

<http://www.oireachtas.ie/ViewDoc.asp?UserLang=GA&DocId=-1&CatID=78>
<http://www.oireachtas.ie/parliament/mediazone/pressreleases/name-1905-en.html>



Scéal Ráth Tó

A new gaelscoil arrives, albeit without recognition.

Thréig an Ghaeilge Contae na Mí, limistéar méith glas, tamall maith sular socraíodh ar Ghaeltacht Ráth Cairn agus Baile Ghib a bhunú sna tríochaidí. Anois tá an teanga ag éalú ar ais in áiteanna eile. Dá comhartha sin tá gaelscoil nua curtha ar bun i Ráth Tó – scoil ar theip uirthi aitheantas agus airgead a fháil ón rialtas. Bailíodh beagnach €100,000 ó sparáin fhiala agus ó eagraíochtaí Gaeilge sa bhaile agus i gcéin, agus tá an scoil ag dul ar aghaidh.

Tá daonra Ráth Tó ag meadú, agus shíl an Roinn Oideachais ar dtús go mbeadh gá le scoil bhreise. Bhí súil ag daoine gur gaelscoil a bheadh i gceist, ach rinne an Roinn athchomhairle agus dúirt gur leor na scoileanna a bhí ann cheana.

D’fhág an athchomhairle a rian ar an scéal ar shlí eile: bhí súil le sa coil nua ach chaill roinnt tuismitheoirí a misneach. Níl ach aon dalta dhéag ann anois agus múinteoir amháin ina bhfeighil.

Is léir uaidh seo go bhfuil lucht gaelscolaíochta chomh ceann dóchasach is a bhí riamh. Ní mór dóibh iad a bheith amhlaidh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Scríobh.ie

Tá suíomh nua Idirlín ann a chuidíonn leat Gaeilge a scríobh go cruinn. Tá comhairle ann faoi chúrsaí gramadaí² agus liosta áiseanna. Is féidir teacht ar fhoclóirí, ar Ghraiméar na mBráithre Chríostaí, ar Open office agus ar líne chabhrach.³ Tá an suíomh ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Is é Dúrud Teoranta an comhlacht a chuir an suíomh ar bun. Fuair siad maoiniú⁴ ó Fhoras na Gaeilge chuige.

Féach <http://scríobh.ie/Default.aspx?l=1>.

Jules Bitter

Rugadh⁵ Jules Bitter sa bhliain 1954 in Goes sa Bheilg. Tháinig sé ar cheol na hÉireann sna 1970í agus d'fhoghlaim conas seinm ar an bhfeadóg. Thosaigh sé ag seinm in Antwerp le scata ceoltóirí eile agus tá roinnt dlúthdhioscaí déanta aige. D'fhoilsigh sé treoir do sheinm na feadóige in Ollainnis agus i mBéarla.

Tá sé féin agus ceoltóirí eile le cloisteáil ag www.whistle-flute.com. Tá liosta dá chuid dlúthdhioscaí le fáil ann agus samplaí den cheol. Is díol spéise é⁶ an *Nehalennia Suite* (bandia ba ea Nehalennia). Tá naisc le suíomh cheoil eile ann.

Tá a scéal le léamh ag http://www.europeanirish.com/story_details.php?story_id+123.

An scríbhneoir Gaeilge

Is díol spéise é an t-agallamh a chuir an t-iriseoir Breandán Delap ar Mhicheál Ó Conghaile, scríbhneoir agus foilsitheoir Gaeilge, don iris *Beo* (www.beo.ie).⁷ Bhunaigh Ó Conghaile Cló Iar-Chonnachta (CIC) chun scríbhneoirí as Conamara a fhoilsiú.

Is dóigh leis go bhfuil cuid de na filí is fearr in Éirinn ag scríobh i nGaeilge. Deir sé nach bhfuil mórán daoine óga ag scríobh i nGaeilge faoi láthair, agus tá barúil aige⁸ go bhfuil a lán daoine ag obair do TG4 seachas dul i mbun scríbhneoireachta. Deir sé go bhfuil idir 2,500 agus 3,000 leabhar Gaeilge i gcló, ach is dóigh leis gur gá caighdeán na leabhar a fheabhsú. Ní féidir mórán airgid a dhéanamh as leabhar a scríobh i nGaeilge, dar leis,⁹ agus is beag aird a thugtar ar scríbhneoirí Ghaeilge.

Deir sé go bhfuil gá le heagarthóirí liteartha, daoine a thuigeann an t-ábhar chomh maith leis an teanga.

Tá na léitheoirí ann ach is iomaí¹⁰ Gaeilgeoir nach léann leabhair Ghaeilge. Bíonn CIC sásta má dhíoltar 500 cóip sa chéad bhliain.

An mhaith atá nó an mhaith a bhí

Chuir timpeall tríocha gníomhaí¹¹ Gaeilge ón nGaeltacht litir oscailte chun an Taoisigh agus an Tánaiste agus iad á rá go gcaithfear glacadh leis na moltaí¹² a rinne Tuarascáil an Chomhchoiste¹³

² Cúrsaí gramadaí – matters of grammar

³ Líne chabhrach – help line

⁴ Maoiniú - funding

⁵ Rugadh – was born

⁶ Is díol spéise é – (it) is interesting

⁷ Eagrán 112, Lúnasa 2010.

⁸ Tá barúil aige – he is of the opinion

⁹ Dar leis – he thinks

¹⁰ Is iomaí – there is/are many

¹¹ Gníomhaí - activist

¹² Caithfear glacadh leis na moltaí - it is necessary to accept the recommendations

¹³ Comhchoiste – Joint Committee

Oireachtais ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Tá eagla orthu go háirithe nach mbeidh a dhóthain airgid ag Údarás na Gaeilge chun geilleagar agus bonneagar¹⁴ na Gaeltachta a fheabhsú.

Deir an Comhchoiste nach féidir leis an nGaeilge maireachtáil mura bhfuil pobal Gaeilge ann. Ag seo¹⁵ cuid de moltaí:

*Gan beartas dátheangachais¹⁶ a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht

*Aitheantas¹⁷ a thabhairt do ‘mhion-Ghaeltachtaí’ ar fud na tíre

*Lárionad Gaeilge a bhunú i mBaile Átha Cliath chun caifitéire, áiseanna ealaíne agus eile a sholáthar do dhaoine óga

*Níos mó scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil

*Siollabas nua Gaeilge a leagan amach

*Gréasán sóisialta Gaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht don aos óg

Tá rudaí maithe ann – an siollabas nua, feidhm a bhaint as an tumoideachas, airgead stáit a dháileadh níos stuama. Ach ní dócha go mbeidh an tÚdarás níos éifeachtaí feasta ná mar a bhí sé cheana agus ba dhóigh leat go bhfuil sé beagán ródhéanach anois dul i muinín¹⁸ gréasán sóisialta chun daoine óga a mhealladh ar ais chun na Gaeilge. Maidir leis an dátheangachas, tá sin fite fuaite fiú sna Gaeltachtaí is láidre.

¹⁴ Bonneagar - infrastructure

¹⁵ Ag seo – here below

¹⁶ Beartas dátheangachais – bilingual policy

¹⁷ Aitheantas - recognition

¹⁸ Dul i muinín – place one’s trust